

Céard é 'Cunús'?

Ní fios cén chéad duine a raibh an oiread sin drochmheasa ar a chomharsa aige gur *cunús* a thug sé air. Focal coitianta anois é *cunús* (conús an litriú caighdeánach) i gcaint Chonamara, cé go mba rí-annamh sa litriocht é go dtí gur thosaigh an Cadhnach ag scríobh. Tá suas le scór sampla de in *Cré na Cille*. Níor aimsigh mé ach an t-aon sampla de sa tseanlitríocht.

Sa rann seo thíos as *Caoi Oisín i ndiaidh na Féinne*, laoi Fiannaíochta de chuid na hochtú haoise déag atá sé.

Seo é an rann (ach leasú beag ar an litriú):

Ábhar mo chaoi mar táim gan treoir
gan amhrac, fós gan lúth gan réim
crínsheirgthe lomchreatach deireoil
im chuail chanóis gan rith gan léim.

'A *wretched creature*' an Béarla a chuir Staindis Mac an Aodhaigh Ó Gráda ar 'cuail chanóis' san eagrán den laoi a d'fhoilsigh sé sa bhliain 1887. Is é an sampla céanna sin (ach 'cual canóis' mar litriú air) atá san fhoclóir ag an Duinníneach agus 'a heap of rubbish; an old and bereft person' mar aistriú air.

Ní mór dul siar chomh fada le lár na seachtú haoise déag le bunchiall an fhocail sa Nua-Ghaeilge a aimsiú. Ag an bhfoclóirí Risteard Phuincéad a chríochnaigh foclóir mór Laidin-Gaeilge sa bhliain 1662 (ach nár foilsíodh fós) atá an sampla is sine den fhocal, ar feadh m'eolais, mar seo 'cadaver' i.e. *canas*. 'Corp', 'conabhlach' is ciall do 'cadaver' na Laidine. Bhain Tadhg Ó Neachtain as foclóir an Phuincéadaigh é agus chuir isteach ina fhoclóir Gaeilge-Béarla é timpeall na bliana 1739 agus 'carcass' mar Bhéarla air.

Ní deacair a thuiscint gur aon fhocal amháin iad 'canas' agus 'cunús' ach a mheabhrú gurbh í Gaeilge Oirdheiscirt Uladh a bhí ag an bPhuincéadach agus go ngiorraíu an guta deiridh i bhfocail mar 'canós' (e.g. *neascóid* > *neascaid*) sa chanúint sin agus ar an taobh eile maidir le Gaeilge Chonamara gurb é an chéad siolla a lagaítear sa chineál sin focal (e.g. *neascóid* > *nioscóid*) agus freisin go ndéantar *ú* de ó taobh le *n* nó *m* (e.g. *nás* > *nús*).

Deirtear *cunús* anois le rud atá ó mhaith, ira phíosai miona nó ina chonamar lofa ach deirtear freisin leis an duine é mar mhasla. Más ait leat sin féach go dtugann an Ciarraíoch 'conabhlach' nó 'ablach', focail a chiallaíonn go bunúsach 'creatlach nó bréineoil ainmhithe' ar dhuine le teann drochmheasa.

— An Dr Tomás de Bhaldraithe



RAPIRE TEORANTA

INDREABHÁN
CO. NA GAILLIMHE

Teil: 091-593211
Facs: 593078

*Go n-éirí go Geal
leis an bPléaraca*

Tigh Learaí Ramhar

An Cheathrú Rua Teil: 595399

Beir Leat (Take Away)

OSCAILTE SEACHT LÁ NA SEACHTAINE
DEIREANNACH SAN OÍCHE

Go n-éirí leis an bPléaraca

Le gach dea ghruí ó

TIGH CHADHAIN
— Cill Chiaráin —
Siopa Grósaer & Beár

Cárna

Fón/Fax: 095-33409


Go n-éirí go geal le Féile an Phléaraca

TIGH FHLATHARTA

• CASLA •

BEÁR & SIOPA GROSAERA

095-572233



SEÁN MONAGHAN

AGUS AN

MÁIMÍN CAJUN BAND

'DAMHSA AN DREOILÍN'

Ag casadh in Áras Pobail Chois Cuain, Ros an Mhíl • Dé Domhnaigh 17 Meán Fómhair